Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
National Library of Ireland

Is Fostóir Comhdheiseanna í Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
Leabhrán Eolais d'Iarrthóirí

Comórtas oscailte chun painéal a bhunú do ról an

**Cúntóir Oideachais**

**i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann**

Dáta deiridh a nglacfar le hiarratais: **an 9th Deireadh Fómhair, 2026, ag 3pm**

Tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tiomanta do bheartas comhdheiseanna

Sonraí Teagmhála: Roinn Acmhainní Daonna

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

4 Sráid Chill Dara,

Baile Átha Cliath 2.

R-phost careers@nli.ie

Teileafón: (353) 1 6030200

Suíomh gréasáin: www.nli.ie/about-us/working-national-library-ireland

**CÚLRA**

Is í Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (NLI) an leabharlann taifid in Éirinn. Bunaíodh an NLI in 1877 agus rinneadh institiúid fhéinrialaitheach cultúir di an 3 Bealtaine 2005 faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, le Bord agus Stiúrthóir a fheidhmíonn faoi rialachas foriomlán an Bhoird. Tá an Bord, ar a bhfuil cathaoirleach agus 11 ghnáthchomhalta, freagrach don Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt. Tá thart ar 125 ball foirne fostaithe ag an Leabharlann agus cuireann siad obair i gcrích atá bunaithe ar chúig thosaíocht atá sonraithe sa straitéis atá in úsáid againn faoi láthair - bailiú, cosaint, nochtadh, rannpháirtíocht agus nuáil.

Comhroinneann NLI scéal na hÉireann leis an domhan trínár mbailiúcháin uathúla. Tugaimid aire do bhreis is dhá mhilliún déag earra, lena gcuimsítear leabhair, lámhscríbhinní, nuachtáin, grianghraif, priontaí, léarscáileanna, líníochtaí, earraí inbhailithe, ceol agus meáin dhigiteacha. Tá suíomhanna na Leabharlainne i mBaile Átha Cliath, lena n-áirítear an Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta i mBarra an Teampaill, oscailte, saor in aisce, dóibh siúd go léir ar mian leo breathnaigh ar na bailiúcháin agus iad a iniúchadh trí sheomraí léitheoireachta ar díol spéise iad do chuairteoirí as a stuaim féin, trí thaispeántais shaibhre éagsúla, agus trí bhíthin clár poiblí gníomhach. Tá tuilleadh eolais ar fáil ag https://www.nli.ie/about-us

**AN RÓL**

Reáchtálann an Rannóg Taispeántas, Foghlama agus Clár (ELP) clár gnóthach a chuireann turais, ceardlanna, agus sraith imeachtaí poiblí ar fáil do réimse leathan grúpaí, ag comhoibriú le roinnt comhpháirtithe agus ag tacú le spásanna taispeántais laistigh de choimpléasc an NLI agus clár seachtrach for-rochtana. Ag obair mar chuid d’fhoireann ELP an NLI agus ag tuairisciú don Choimeádaí Cúnta, Grád 2, oibreoidh an t-iarrthóir rathúil laistigh den chlár leanúnach sin agus cuirfidh siad lena fhorbairt. Tá Cúntóirí Oideachais ríthábhachtach do sheachadadh rannpháirtíocht phoiblí Thaispeántas, Fhoghlaim agus Chlár an NLI.

**DUALGAIS AGUS FREAGRACHTAÍ**

Áireofar na nithe seo a leanas le dualgais an iarratasóra rathúil:

- Turais threoraithe a sholáthar ar thaispeántais NLI;
- Taighde, ullmhúchán, seachadadh agus meastóireacht ar chlár na scoileanna, ar an gclár Leanaí agus Teaghlaigh, agus ar an gClár Pobail agus Foghlama ar feadh an tSaoil;
- Tacú le reáchtáil an chomórtais Poetry Aloud d’iar-bhunscoileanna;

- Páirt a ghlacadh sa chlár taispeántais ar fud láithreacha taispeántais an NLI agus ar líne;
- Tacaíocht taighde, léamh profaí agus seiceáil fíricí;
- Cur le tionscadail go hinmheánach agus le páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe seachtracha;
- Cur le himeachtaí, gníomhaíochtaí, agus rannpháirtíocht phoiblí a chomhordú agus a eascú;
- Cuidiú le spásanna poiblí a ullmhú le haghaidh gníomhaíochtaí cláir;
- A bheith i gcomhairle leis an bhfoireann leabharlainne maidir le gníomhaíochtaí agus acmhainní oideachais;
- Obair riaracháin a dhéanamh maidir le cláreagrú oideachais, gníomhaíochtaí agus tionscadail;
- Cur le táirgeadh bileoga oibre, leabhar gníomhaíochta, pacáistí acmhainní agus treoirlínte, i bhformáid fhisiciúil agus dhigiteach;
- Cur le pleanáil le haghaidh cláir imeachtaí;
- Is cuid riachtanach den ról iad dualgais um thráthnóna agus ar an deireadh seachtaine.
- Aon dualgais eile a mheasfadh do bhainisteoir a bheith oiriúnach.

Is éard atá sa mhéid atá thuas ná treoir ghinearálta maidir leis an ról agus ní cur síos iomlán é ar na dualgais a bhaineann leis an ról nó leis na tascanna a d’fhéadfaí a shannadh don ról mar Chúntóir Oideachais san NLI.

## CÁILÍOCHTAÍ, SCILEANNA & TAITHÍ IS GÁ

**Bunriachtanais:**

- Cáilíocht Leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó a comhionann;
- Eolas ar mhisean Leabharlann Náisiúnta na hÉireann;
- Eolas agus tuiscint ar an bhfoghlaim, feidhmeanna na dtaispeántas agus cláir atá dírithe ar an lucht féachana;
- Taithí de bhliain amháin ar a laghad (ar íocaíocht nó ar bhonn deonach) san earnáil cultúir nó oidhreachta i ról atá dírithe ar an bpobal; nó dhá bhliain ar a laghad i ról seirbhíse do chustaiméirí;
- Eolas maith ar stair nó litríocht nua-aimseartha na hÉireann;
- Sárscileanna cumarsáide lena n-áirítear an cumas ceardlanna, turais agus cainteanna a chur ar fáil go pearsanta agus ar líne;
- Sárscileanna TF – eolas maith ar Microsoft Office agus ar phacáistí bogearraí eile;
- Sárscileanna obair foirne, a bhfuil sé léirithe acu cumas dea-chaidrimh oibre a fhorbairt agus a choinneáil i dtimpeallacht ghnóthach oibre;
- Scileanna pleanála agus eagraithe léirithe in éineacht le cumas láidir freagracht a ghlacadh as a gcuid oibre féin maidir le torthaí a sheachadadh go héifeachtach, a bheith muiníneach astu féin agus úsáid chuí a bhaint as tionscanaíocht, breithiúnas agus solúbthacht chun oibriú ar leibhéal ard agus seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar;

- É a bheith ar a gcumas obair le grúpaí éagsúla úsáideoirí agus cuairteoirí Leabharlainne.

**Riachtanais Inmhianaithe:**
- Eolas ar raon na dtairiscintí atá dírithe ar an bpobal sa rannóg ELP;
- Taithí treoraí turais - ar an láthair agus ar líne;
- Taithí ar phleanáil imeachtaí;
- Taithí phraiticiúil ar ardáin Zoom/Microsoft Teams;
- Líofacht ó bhéal agus scríofa sa Ghaeilge agus an cumas turais phoiblí idirghníomhacha a chur ar fáil i nGaeilge;
- Scileanna taighde chun acmhainní insoláthartha a chruthú ó bhailiúcháin an NLI.

## PRÍOMHCHOINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE

**TUARASTAL:** Seo a leanas an scála pá a bhaineann leis an bpost seo (tá na rátaí éifeachtach ón 1 Meitheamh 2026):

**Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin (RPP)**
Beidh feidhm ag scála pá RPP i gcás inar státseirbhíseach nó fostaí sa tseirbhís phoiblí cheana féin iad an ceapaí a ceapadh an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh sin agus a cheanglaítear orthu ranníocaíocht phearsanta pinsin a dhéanamh. Beidh feidhm aige freisin maidir le fostaithe buana nua agus fostaithe neamhbhunaithe ar théarma seasta.

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| €611.75 | €645.43 | €654.01 | €670.69 | €695.32 | €719.93 | €744.51 | €762.42 | €782.74 |
| €806.29 | €822.89 | €846.23 | €869.42 | €905.60 | €934.03* | €958.80** | | |

**Is éard is LSI 1 ann ná incrimint fadseirbhíse a bhronntar ar dhaoine tar éis dóibh 3 bliana a chur díobh ar an bpointe is airde ar an scála*
***Is éard is LSI 2 ann ná incrimint fadseirbhíse a bhronntar ar dhaoine tar éis dóibh 6 bliana a chur díobh ar an bpointe is airde ar an scála*

**Gan Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin (Gan RPP)**
Beidh an tuarastal Gan RPP (Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin) don phost i bhfeidhm sa chás gur státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí é an ceapaí a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995 agus nach gceanglaítear orthu Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a dhéanamh.

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| €587.05 | 619.09 | €627.21 | €650.90 | €666.51 | €689.89 | €713.27 | €736.65 | €753.44 |
| €776.14 | €795.18 | €810.67 | €832.71 | €867.10 | €894.09* | €917.79** | | |

**Is éard is LSI 1 ann ná incrimint fadseirbhíse a bhronntar ar dhaoine tar éis dóibh 3 bliana a chur díobh ar an bpointe is airde ar an scála.*
***Is éard is LSI 2 ann ná incrimint fadseirbhíse a bhronntar ar dhaoine tar éis dóibh 6 bliana a chur díobh ar an bpointe is airde ar an scála.*

**Nóta Tábhachtach**
Tiocfaidh an té a cheapfar isteach ar bhun an scála agus ní dhéanfar aon idirbheartaíocht maidir le ráta an luacha saothair. D'fhéadfaí é a athrú ó am go ham i gcomhréir le beartas pá an Rialtais.

Ba chóir fios a bheith ag iarrthóirí go bhféadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith i gceist i gcás duine atá ag fónamh ina státseirbhíseach nó ina bhfostaí sa tseirbhís phoiblí faoi láthair.

Faoi réir feidhmíochta sásúla, d'fhéadfadh incrimintí a bheith iníoctha de réir Bheartas an Rialtais atá i bhfeidhm faoi láthair (féach mír 5.1 de Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2021 - 2022 chun na hathruithe is déanaí a fheiceáil).

Beidh an ráta pá a thairgfear iníoctha go coicísiúil ar bhonn riaráistí de bhun Ríomhaistriú Airgid (RAA) isteach i do rogha cuntais bainc. Ní féidir íocaíocht a dhéanamh go dtí go gcuirfear uimhir IBAN agus BIC ar fáil don Aonad Acmhainní Daonna.

Déanfar asbhaintí reachtúla ón tuarastal de réir mar is cuí.

Aontaíonn tú go bhféadfaí aon ró-íocaíocht tuarastail nó taistil agus chothaithe a asbhaint ó íocaíochtaí tuarastail atá dlite duit amach anseo, i gcomhréir leis an Acht um Íoc Pá, 1991. Cuirfear suim na ró-íocaíochta agus na sonraí maidir léi in iúl duit i scríbhinn agus tabharfar fógra seachtaine ar a laghad duit faoin asbhaint atá le déanamh. Beidh méid na hasbhainte cothrom agus réasúnta ag féachaint ar na himthosca uile.

**Tréimhse**
Déanfar ceapachán chun poist i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar chríochnú an chonartha phromhaidh go rathúil. Ní chuireann sé sin cosc orainn síneadh a chur ar an tréimhse promhaidh de réir na gcúinsí. Le linn na tréimhse promhaidh, d'fhéadfadh an bainisteoir/na bainisteoirí ábhartha athbhreithniú rialta a dhéanamh ar fheidhmíocht an cheapaí chun meas:

- (i) ar fheidhmigh siad go sásúil
- (ii) an raibh a n-iompar ginearálta sásúil
- (iii) oiriúnach ó thaobh na sláinte de agus aird ar leith ar shaoire bhreoiteachta.

**Fostaíocht Sheachtrach**
Post lánaimseartha atá i gceist, agus ní cheadófar don cheapaí cleachtadh go príobháideach ná aon nasc a bheith acu le haon ghnóthas seachtrach a bheadh ag teacht salach ar a ndualgas oifigiúil, a chuirfeadh isteach ar a bhfeidhmíocht nó a chuirfeadh a macántacht i mbaol.

**Suíomh**
Beidh an t-iarrthóir rathúil bunaithe ag áitreabh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar Shráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2 ar dtús, ach d'fhéadfaí go mbunófar iad ag aon cheann d'áitribh na Leabharlainne i mBaile Átha Cliath.

**An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997**
Beidh feidhm ag téarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997, más cuí, leis an bpost seo.

**Uaireanta Freastail**

Socrófar na huaireanta freastail ó am go ham, ach ní bheidh níos lú ná 41.25 uair an chloig comhlán in aghaidh na seachtaine ar an meán (35 uair an chloig glan, 5 lá in aghaidh na seachtaine) i gceist leo. Is í an tseachtain oibre ná Luan go Satharn. Tá an Satharn ina chuid riachtanach de théarmaí agus coinníollacha fostaíochta phost an Chúntóra Oideachais agus is ar bhonn uainchláir atá sé.

**Saoire Bhliantúil**

Is é 22 lá oibre in aghaidh na bliana an tsaoire bhliantúil, ag ardú go 23 lá oibre tar éis 5 bliana, 24 lá oibre tar éis 10 mbliana, 25 lá oibre tar éis 12 bhliain seirbhíse agus 26 lá oibre tar éis 14 bliana. Tá an liúntas sin faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le saoire bhliantúil a dheonú agus tá sé bunaithe ar sheachtain cúig lá agus níl na gnáthlaethanta saoire poiblí curtha san áireamh.

**Cúrsaí Sláinte**

Ní mór d'iarrthóirí ar an bpost, agus do dhuine ar bith i mbun an phoist, a bheith go hiomlán inniúil agus in ann tabhairt faoi na dualgais a bhaineann leis an bpost, agus a bheith i mbail sláinte a léireodh dóchúlacht réasúnach go mbeidh an cumas acu seirbhís rialta agus éifeachtúil a thabhairt.

**Fógra tábhachtach:**

Níl sa mhéid thuas ach na príomhchoinníollacha seirbhíse agus ní hionann iad agus liosta uileghabhálach de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta uile, a leagfar amach sa chonradh fostaíochta a chomhaontófar leis an té a cheapfar.

**PRÓISEAS AN CHOMÓRTAIS**

**Conas Iarratas a Dhéanamh**

Ba chóir d'iarratasóirí cóip dá Curriculum Vitae reatha, mar aon le litir spéise, a chur isteach ar ríomhphost chuig Aonad Acmhainní Daonna Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ag careers@nli.ie

**<u>Tabhair faoi deara gur chóir na doiciméid uile a bhaineann leis an iarratas a sheoladh isteach in aon doiciméad PDF amháin.</u>**

Déanfar iarratasóirí a chur ar ghearrliosta ar bhonn na faisnéise a bheidh san iarratas. Is iad na hiarratasóirí atá freagrach as a bheith ar fáil le haghaidh agallaimh ag an am agus ar an dáta sannta.

Beidh ainm agus sonraí teagmhála beirt mholtóirí ag teastáil tar éis an agallaimh. Coinníonn NLI an ceart acu féin na fiosruithe uile a mheasann siad a bheith riachtanach a dhéanamh maidir leis an iarrthóir sula dtairgfear post dóibh.

**Dáta Deiridh**
Tabhair faoi deara gurb é an **9th Deireadh Fómhair 2026**, ag **3pm** an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais. Cloífear go docht leis an dáta deiridh agus sprioc-am sin.

Dícháileofar iarrthóirí má dhéantar stocaireacht ar bith ar a son.

**Painéal**
D'fhéadfaí go gcruthófaí painéal ón gcomórtas seo as a líonfar folúntais (idir bhuana agus shealadacha) ar ghrád an Chúntóra Oideachais má thagann siad aníos amach anseo.

**Socruithe Speisialta**
Má theastaíonn aon socrú speisialta uait i ndáil le haon ghné den chomórtas seo, déan teagmháil le hr@nli.ie

**Leagan Amach an Chomórtais**
Féadfaidh roinnt gnéithe a bheith sa phróiseas roghnúcháin don chomórtas seo. D'fhéadfadh ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas a bheith i gceist leo:
- Ceistneoir Measúnaithe ar líne a chomhlánú;
- Tástáil/Tástálacha m(h)easúnaithe ar líne agus/nó ar pháipéir;
- Gearrliostú;
- Agalla(i)mh;
- Cleachtadh bunaithe ar Chur i Láthair/Anailís;
- Tástáil shamplach oibre nó aon tástálacha nó cleachtaí eile a mheasfar a bheith cuí.

**Gearrliostú**
De ghnáth, is mó líon na n-iarratas a sheoltar isteach ar phost ná an líon iarratas a theastaíonn le folúntais reatha agus amach anseo don phost a líonadh. In ainneoin go gcomhlíonfadh iarrthóir na riachtanais cháilitheachta don chomórtas, sa chás go mbeadh líon na n-iarrthóirí ar an bpost chomh hard sin nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach iarrthóir, féadfaidh an Leabharlann Náisiúnta líon teoranta iarrthóirí a ghlaoch chun agallaimh. Chuige sin, cuireann an Leabharlann Náisiúnta próiseas gearrliostaithe i bhfeidhm chun grúpa iarrthóirí a roghnú i gcomhair agallaimh, agus a mheastar gurb iadsan is mó a oireann don phost ar bhonn an athbhreithnithe a rinneadh ar a bhfoirmeacha iarratais. Déanfaidh bord saineolaithe na foirmeacha iarratais a scrúdú, agus critéir réamhchinnte á gcur san áireamh acu, ar bhonn riachtanais an róil, agus is iadsan a chinnfidh cé acu an ndéanfar nó nach ndéanfar iarrthóir ar leith a ghearrliostú, le hais na n-iarrthóirí eile a chuir isteach ar an bpost. Ní hé sin le rá gur gá go bhfuil iarrthóirí eile mí-oiriúnach ná neamhinniúil chun an post a dhéanamh, ach go bhfuil roinnt iarrthóirí ann atá níos cáilithe agus/nó a bhfuil níos mó taithí ábhartha acu de réir dealraimh bunaithe ar a n-iarratas. Dá bhrí sin, tá sé chun do leasa féin cuntas beacht mionsonraithe a thabhairt ar do chuid cáilíochtaí/taithí san fhoirm iarratais.

**Iarrthóireacht a mheastar a bheith tarraingthe siar**

Ní bheidh aon éileamh ag iarrthóirí go gcuirfear san áireamh iad mura dtugann siad, nuair a iarrtar orthu, an fhianaise sin a theastaíonn ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann i ndáil le haon ábhar atá ábhartha dá n-iarrthóireacht.

**Nósanna Imeachta Athbhreithnithe maidir leis an bPróiseas Roghnúcháin**

Déileálfar le hiarrataí ar athbhreithniú de réir an doiciméid "Cód Cleachtais: Ceapacháin i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí" arna fhoilsiú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí - is féidir teacht ar an gCód ag CPSA-Code-of-Practice-2022.pdf

Is mar seo a leanas a chuirfidh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann iarratais (arna gcur faoi bhráid an Aonaid Acmhainní Daonna) san áireamh lena mbreithniú:

- Próiseas neamhfhoirmiúil le húsáid laistigh de chúig lá oibre tar éis fógra a thabhairt faoin gcinneadh tosaigh nó laistigh de chúig lá oibre tar éis cinneadh a fháil i ndáil le céim eatramhach.
- Próiseas foirmiúil: ní mór iarraidh ar athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh laistigh de chúig lá oibre tar éis don iarrthóir fógra a fháil faoin gcinneadh bunaidh nó faoin gcinneadh maidir lena ngearán neamhfhoirmiúil.
- Is féidir leis an iarrthóir athbhreithniú ar thoradh an athbhreithnithe tosaigh a lorg ó eadránaí cinnidh agus ba cheart iarratas chuige sin a dhéanamh laistigh de sheacht lá oibre tar éis toradh an athbhreithnithe tosaigh a fháil
- Tugtar breac-chuntas freisin ar na Nósanna Imeachta Athbhreithnithe/Achomhairc maidir le líomhaintí faoi shárú ar an gCód Cleachtais.

**Aiseolas d'Iarrthóirí**

De réir phrionsabail an Chóid Chleachtais thuas, tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tiomanta d'aiseolas soiléir, sonrach agus fiúntach a thabhairt d'iarrthóirí. Chuige sin, is é beartas Leabharlann Náisiúnta na hÉireann aiseolas a thabhairt i scríbhinn d'iarrthóirí. Cuimseofar leis sin marcanna an iarrthóra ón gcomórtas, agus tagarmharcáil á déanamh idir an marc i gcomparáid le feidhmíocht na n-iarrthóirí eile agus trácht ón mbord measúnaithe i ndáil le feidhmíocht ghinearálta an iarrthóra faoi gach ceann de cheannteidil an Chreata Cumais.

**Rochtain ar Fhaisnéis**

Ginfear cóip chrua amháin den CV agus den litir chumhdaigh ón iarratas ríomhphoist agus úsáidfidh an bord agallaimh í. Gheobhaidh baill an bhoird agallaimh cóipeanna boga d'ábhar iarratais, agus treoracha chun na cóipeanna sin a scriosadh a luaithe a bheidh an cuspóir a raibh gá leo tugtha chun críche. Coinneoidh an tAonad Acmhainní Daonna cóip amháin den ábhar iarratais ar feadh bliana ar a laghad agus an comórtas tugtha chun críche.

Tá gach doiciméad comórtais, nótaí agallaimh san áireamh, faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise. Beidh feidhm ag na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 - 2018.

## AGUISÍN 1

## Príomhtháscairí Feidhmíochta

| | |
|---|---|
| Obair Foirne | Bíonn meas acu ar chomhghleacaithe agus ar chomhoibrithe |
| | Forbraíonn agus coimeádann siad caidrimh mhaithe oibre le daoine eile, ag roinnt eolais agus faisnéise, de réir mar is cuí; |
| | Tairgeann siad smaointe agus tuairimí dá gcuid féin |
| | Tuigeann siad a ról féin ar an bhfoireann agus déanann siad gach iarracht an ról sin a chomhlíonadh |

| | |
|---|---|
| Bainistíocht / Próiseáil Faisnéise | Tugann siad faoin obair ar fad ar bhealach cuimsitheach agus eagraithe |
| | Leanann siad nósanna imeachta agus prótacail agus tuigeann siad an fiúntas agus an réasúnaíocht atá mar bhonn leo |
| | Coinníonn siad taifid ar ardchaighdeán ar féidir le daoine eile ciall a bhaint astu gan deacracht |
| | Déanann siad conclúidí cuí ó fhaisnéis |
| | Molann siad modhanna nua chun tabhairt faoi rudaí ar bhealaí níos fearr agus níos éifeachtúla |
| | Tá siad ar a gcompord oibriú le cineálacha éagsúla eolais, e.g. faisnéis scríofa, faisnéis uimhriúil, cairteacha, agus tá siad in ann tabhairt faoi uimhríocht, céatadáin a ríomh etc |

| | |
|---|---|
| Seachadadh Torthaí | Glacann siad freagracht as obair agus cuireann siad dlús leis an obair sin go dtí an chéad leibhéal cuí eile |
| | Cuireann siad obair i gcrích go poncúil |
| | Téann siad i dtaithí ar bhealaí nua chun tabhairt faoi rudaí go tapa |
| | Déanann siad seiceáil ghrinn ar gach píosa oibre d'fhonn cinntiú go bhfuil sé curtha i gcrích ar chaighdeán ard agus foghlaimíonn siad ó gach botún a dhéanann siad |
| | Bíonn a gcuid gramadaí agus litrithe i gceart agus iad ag scríobh agus baineann siad tátail réasúnta as treoracha scríofa |
| | Aithníonn agus tuigeann siad an phráinn agus an tábhacht a bhaineann le tascanna éagsúla |
| | Léiríonn siad tionscnaíocht agus solúbthacht chun a chinntiú go gcuirtear obair i gcrích |
| | Oibríonn siad as a stuaim féin agus baineann siad úsáid as a mbreithiúnas sula n-iarrann siad treoir ó bhainisteoir nó ó chomhghleacaithe |

| | |
|---|---|
| Seirbhís do Chustaiméirí agus Scileanna Cumarsáide | Éisteann siad go gníomhach le daoine eile agus déanann siad iarracht a dtuairimí/ riachtanas a thuiscint |
| | Tuigeann siad na céimeanna nó na próisis ar gá do chustaiméirí dul tríothu agus is féidir leo na céimeanna sin a mhíniú go soiléir |
| | Léiríonn siad meas, cúirtéis agus gairmiúlacht agus coinníonn siad guaim orthu féin fiú i gcúinsí dúshlánacha; |
| | Is féidir leo a bheith diongbháilte nuair is gá agus cumarsáid a dhéanamh le muinín agus le húdarás |
| | Tá siad in ann cumarsáid a dhéanamh go soiléir agus go líofa, ó bhéal, agus i scríbhinn |

| | |
|---|---|
| Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt | Forbraíonn agus cothaíonn siad na scileanna agus an saineolas atá de dhíth chun an ról a chomhlíonadh go héifeachtach, e.g. teicneolaíochtaí ábhartha, córais TF, scarbhileoga, Microsoft Office, polasaithe ábhartha etc. |
| | Tá tuiscint mhaith acu ar an ról, na cuspóirí agus na spriocanna agus ar an gcaoi a mbaineann siad le hobair an aonaid |
| | Tá siad tiomanta d'fhéinfhorbairt agus bíonn siad i gcónaí ag iarraidh feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht phearsanta |

| | |
|---|---|
| Dúthracht agus Tiomantas do Luachanna na Seirbhíse Poiblí | Déanann siad a ndícheall i gcónaí feidhmiú ag leibhéal ard agus seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar |
| | Freastalaíonn siad ar an Rialtas agus ar mhuintir na hÉireann |
| | Oibríonn siad ar bhealach críochnúil agus coinsiasach, fiú nuair is gnáthobair atá i gceist |
| | Is duine díograiseach iad, agus coinníonn siad orthu fiú nuair atá an obair dúshlánach, nó nuair atá constaicí rompu |
| | Tá siad macánta agus iontaofa |
| | Feidhmíonn siad ar bhealach ionraic i gcónaí |